



Scéim Sparánachta Ernest Walton STEM 2019 (do mhic léinn ó scoileanna DEIS)

Mar chuid den Scéim Sparánachta Tríú Leibhéal 2019, bronnfar ocht sparánacht ar bhonn réigiúnda (dhá cheann sna háiteanna seo araon - Baile Átha Cliath, cuid eile de Laighean, Mumhan, Connacht/Ulaidh) do mhic léinn ó scoileanna DEIS a leanann cúrsaí ag an tríú leibhéal sna réimsí seo a leanas - Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamatic (STEM).

Éagsúil ón Scéim Sparánachta Tríú Leibhéal, áit a mbronnfar na sparánachtaí go huathoibríoch do na mic léinn is fearr feidhmithe i scrúdú na hÁrdteistiméireachta 2019, beidh na sparánachtaí Ernest Walton STEM bunaithe ar thorthaí na hÁrdteistiméireachta agus ar rogha cúrsa an mhic léinn don tríú leibhéal.

Mar sin, beidh sé riachtanach iarratas a dhéanamh chun tú a mheas don scéim sparánachta Ernest Walton STEM.

Lorgáítear anois iarratais ó mhic léinn a chomhlíonann an critéir seo a leanas agus a bhfuil sé de rún acu cúrsa STEM a leanúint ag an tríú leibhéal:

- A bheith ag freastal ar scoil DEIS
- A bhreith ag tabhairt faoin Árdteistiméireacht don chéad uair
- A bheith díolmhaithe ó táille na hÁrdteistiméireachta a íoc de bharr cárta liachta a choimeád
- Cúrsa STEM a bheith mar **chéad rogha** acu ar an iarratas CAO

€2,000 an mac léinn méid an sparánachta in aghaidh gach bliain dá c(h)úrsa agus íocfar é mar íocaíocht singil ag tús na bliana acadúla. Beidh na mic léinn sin a mbronntar sparánacht orthu i dteideal freisin cur isteach ar dheontais do mhic léinn i leith costais chothabhála agus ranníocaíocht an mhic léinn nó táillí.

Íocfar sparánachtaí go bliantúil ar feadh tréimhse cúrsa fochéime amháin agus suas go 4 bliana de staidéar iarchéime.

Ní mór do gach iarratasóir foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach maraon le fianaise ón CAO go bhfuil iarratas deánta aige/aici ar chúrsa STEM mar a c(h)éad rogha.

Déanfar measúnú ar chúrsaí tríú leibhéal, ar fhad dhá bhliana nó níos mó, atá liostaithe ar shuíomh gréasáin an CAO mar chúrsaí STEM, agus a leantar ag institiúid atá maoinithe go poiblí.

Liostáiltear cúrsaí STEM ar shuíomh gréasáin ag:

http://www.careersportal.ie/members/auth/courses/cao_stem_wizard.php

Is féidir fótachóipeanna a dhéanamh de na foirmeacha iarratas atá iniata nó tuilleadh foirmeacha a iarradh ó:

**Ardoideachais - Cothromas Rochtana,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Bóthar Phort Laoise,
An Tulach Mhór,
Co Úibh Fhailí.**

Teil. 057-932 5398/4305

Nótaigh le do thoil:

- Ní mór foirmeacha iarratas comhlánaithe, mar aon le fianaise i dtaca le rogha cúrsaí ón CAO, a chur ar ais chuig an seoladh thuas roimh 5.15 in ar de Aoine, 26 Iúil 2019.
- Measfar neamhbhailí aon fhoirmeacha iarratas nach bhfuil fianaise iniata ón CAO leo a léiríonn rogha cúrsa.
- Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta deiridh